An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**EUCO 24/22**

**CO EUR 21**
**CONCL 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (23 agus 24 Meitheamh 2022) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN EORAIP MHÓR

1. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le caidreamh an Aontais Eorpaigh lena chomhpháirtithe san Eoraip. Phléigh sí an moladh maidir le comhphobal polaitiúil Eorpach a sheoladh.

   *Céard, cé agus conas?*

   Is é is aidhm dó ardán le haghaidh comhordú polaitiúil a chur ar fáil do thíortha na hEorpa ar fud na mór-roinne. D'fhéadfadh sé gach tír Eorpach a bhfuil dlúthchaidreamh againn leo a chumhdach.

   Is é an cuspóir a bheadh ann idirphlé agus comhar polaitiúil a chothú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhleasa d'fhonn slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas mhór-roinn na hEorpa a neartú.

2. Ní thiocfaidh an creat sin in ionad na mbeartas agus na n-ionstraimí de chuid an Aontais atá ann cheana, go háirithe i dtaca le méadú, agus tabharfaidh sé lánurraim do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh.

3. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist, chun tógáil ar an gcéad mhalartú tuairimí seo.

## II. AN ÚCRÁIN

4. Phléigh an Chomhairle Eorpach an cogadh foghach a chuir an Rúis ar an Úcráin agus gnéithe éagsúla an chogaidh sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go seasann sí go daingean leis an Úcráin agus go leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht láidir a thabhairt d'athléimneacht fhoriomlán eacnamaíoch, mhíleata, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine, lena n-áirítear cabhair dhaonnúil.

5. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar na hionsaithe neamh-idirdhealaitheacha a rinne an Rúis ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach, agus tathantaíonn sí ar an Rúis a trúpaí agus a trealamh míleata uile a tharraingt siar, láithreach gan choinníoll, ó chríoch iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Ní mór an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear maidir le déileáil le príosúnaigh chogaidh, a urramú. Ní mór ligean do na hÚcránaigh sin, go háirithe na leanaí, a aistríodh go héigeantach chuig an Rúis, filleadh láithreach bonn. Déanfar an Rúis, an Bhealarúis agus iad siúd go léir atá freagrach as coireanna cogaidh agus na coireanna eile is tromchúisí a thabhairt chun cuntais, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

   Le glacadh an séú pacáiste de smachtbhannaí an Aontais, cuirtear tuilleadh brú ar an Rúis deireadh a chur leis an gcogadh atá á chur aici ar an Úcráin. Leanfar den obair ar smachtbhannaí, lena n-áirítear chun a gcur chun feidhme a neartú agus cosc a chur ar aon dul timpeall orthu. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar gach tír í féin a ailíniú le smachtbhannaí an Aontais, go háirithe na tíortha is iarrthóirí. Ba cheart bailchríoch a chur go tapa ar an gcinneadh ón gComhairle lena gcuirtear sárú bhearta sriantacha an Aontais le liosta choireanna an Aontais Eorpaigh.

6. Tá an tAontas Eorpach an-tiomanta i gcónaí do thacaíocht mhíleata bhreise a sholáthar chun cabhrú leis an Úcráin a ceart bunúsach féinchosanta i gcoinne fhogha na Rúise a fheidhmiú, agus a hiomláine chríochach agus a ceannasacht a chosaint. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle oibriú go pras chun an tacaíocht mhíleata a mhéadú a thuilleadh.

7. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go gcuirfidh an Coimisiún togra i láthair go luath chun suas le EUR 9 mbilliún de chúnamh eisceachtúil macrairgeadais nua a thabhairt don Úcráin in 2022. Iarrann sí ar an gCoimisiún a thograí maidir le tacaíocht ón Aontas i gcomhair atógáil na hÚcráine a chur i láthair go pras, i gcomhairle le comhpháirtithe, eagraíochtaí agus saineolaithe idirnáisiúnta.

8. Is í an Rúis, agus ise amháin, atá freagrach as géarchéim dhomhanda na slándála bia, géarchéim a spreag sí tríd an mbia a úsáid mar uirlis troda ina cogadh san Úcráin. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis stopadh láithreach de bheith ag díriú ar shaoráidí talmhaíochta agus de bheith ag aistriú gránach, agus an Mhuir Dhubh a oscailt, go háirithe calafort Odesa, ionas go mbeifear in ann grán a onnmhairiú agus oibríochtaí loingseoireachta tráchtála a dhéanamh. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun na críche sin. Dearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gceadaítear saorshreabhadh táirgí talmhaíochta agus bia agus seachadadh cúnaimh dhaonnúil faoi smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise.

9. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach go láidir leis na hiarrachtaí i ndáil leis na Lánaí Dlúthpháirtíochta chun onnmhairí bia ón Úcráin a éascú feadh bealaí éagsúla talún agus trí chalafoirt éagsúla an Aontais. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, ag tógáil go háirithe ar an tionscnamh FARM agus ar thionscnaimh na Náisiún Aontaithe agus G7, dlús a chur lena n-iarrachtaí chun an méid a leanas a dhéanamh:

    (1) Tacú le tíortha i mbéal forbartha lena gcuid slabhraí soláthair a atreorú, más gá;

    (2) dlús a chur le seachadadh na dtionscnamh suaitheanta ábhartha de chuid Fhoireann na hEorpa, tionscnaimh a comhaontaíodh ag an gcruinniú mullaigh deireanach idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach agus a fhéachann le táirgeadh inbhuanaithe bia a fhorbairt, táirgiúlacht talmhaíochta a neartú, lena n-áirítear i gcás barra próitéine, agus an acmhainneacht agra-ghnó a mhéadú ar mhór-roinn na hAfraice; agus

    (3) oibriú in éineacht le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun tacú le hacmhainneacht monaraíochta ionchur a fhorbairt, go háirithe leasacháin inbhuanaithe, i dtíortha i mbéal forbartha.

## III. IARRATAIS NA hÚCRÁINE, PHOBLACHT NA MOLDÓIVE AGUS NA SEOIRSIA AR BHALLRAÍOCHT

10. Aithníonn an Chomhairle Eorpach peirspictíocht Eorpach na hÚcráine, Phoblacht na Moldóive agus na Seoirsia. Is san Aontas Eorpach a fheictear todhchaí na dtíortha sin agus a gcuid saoránach.

11. Chinn an Chomhairle Eorpach stádas tír is iarrthóir a dheonú don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive.

12. Iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a shonraítear sna tuairimí ón gCoimisiún maidir leis na hiarratais ar bhallraíocht faoi seach mar chuid dá phacáiste rialta um méadú. Déanfaidh an Chomhairle cinneadh maidir le céimeanna breise a luaithe a bheidh na coinníollacha sin á gcomhlíonadh ina n-iomláine.

13. Tá an Chomhairle Eorpach réidh chun stádas tír is iarrthóir a dheonú don tSeoirsia a luaithe a bheidh aghaidh tugtha ar na tosaíochtaí a shonraítear sa tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Seoirsia ar bhallraíocht.

14. Beidh an dul chun cinn a dhéanfaidh gach tír i dtreo an Aontais Eorpaigh ag brath ar a fiúntas féin maidir le critéir Chóbanhávan a chomhlíonadh, agus cumas an Aontais comhaltaí nua a ghlacadh chuige féin á chur san áireamh.

## IV. NA BALCÁIN THIAR

15. Cuireann an tAontas Eorpach in iúl go hiomlán agus go soiléir, a thiomanta atá sé do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas agus iarrann sé go gcuirfí dlús leis an bpróiseas aontachais.

16. Bunaithe ar an modheolaíocht athbhreithnithe, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle an lánpháirtiú de réir a chéile idir an tAontas Eorpach agus an réigiún a chur ar aghaidh a thuilleadh le linn phróiseas an mhéadaithe féin, ar bhealach inchúlaithe, fiúntasbhunaithe.

17. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá na hathchóirithe go háirithe i réimse an smachta reachta agus go mór mór na hathchóirithe sin a bhaineann le neamhspleáchas agus le feidhmiú na mbreithiúna agus le comhrac an éillithe. Iarrann sé freisin ar na comhpháirtithe go ndéanfaí cearta agus cóir chomhionann daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a ráthú.

18. Cuireadh an Chomhairle Eorpach ar an eolas maidir leis na forbairtí is déanaí sa phlé idir an Bhulgáir agus an Mhacadóin Thuaidh. Iarrann sí go ndéanfaí na saincheisteanna deireanacha atá fós ann a réiteach go tapa chun gur féidir tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais gan mhoill.

19. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a phráinní atá sé dul chun cinn nithiúil a dhéanamh ó thaobh díospóidí déthaobhacha agus réigiúnacha atá fós ann a réiteach, go háirithe i ndáil leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine chun an caidreamh idir an tSeirbia agus an Chosaiv a normalú[*].

20. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú polaitiúil ar ar tháinig ceannairí na Boisnia agus na Heirseagaivéine sa Bhruiséil an 12 Meitheamh 2022, comhaontú a bhfuil gá leis ar mhaithe le cobhsaíocht agus ceartfheidhmiú na tíre agus chun freagairt ar mhianta na ndaoine. Iarrann sí ar na ceannairí polaitiúla go léir sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin na gealltanais a leagtar amach sa chomhaontú a chur chun feidhme go pras agus an t-athchóiriú bunreachtúil agus toghchánach a thabhairt chun críche go práinneach, rud a chuirfidh ar chumas na tíre dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh ar a conair Eorpach, i gcomhréir leis an tuairim ón gCoimisiún.

---

* *Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.*

21. Tá an Chomhairle Eorpach réidh stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a dheonú don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin agus chun na críche sin, iarrann sí ar an gCoimisiún tuairisciú gan mhoill don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na 14 phríomhthosaíocht a leagtar amach ina thuairim agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd ar tacar substaintiúil athchóirithe iad chun go mbeidh an Chomhairle Eorpach in ann filleadh chun cinneadh a dhéanamh ar an ábhar.

## V. <u>SAINCHEISTEANNA EACNAMAÍOCHA</u>

22. Formhuiníonn an Chomhairle Eorpach go ginearálta na moltaí comhtháite tírshonracha a pléadh sa Chomhairle agus dá bhrí sin is féidir bailchríoch a chur anois ar Sheimeastar Eorpach 2022.

23. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chomhlíon an Chróit na critéir uile um chóineasú mar a leagtar amach sa Chonradh iad. Formhuiníonn sí an togra ón gCoimisiún go nglacfadh an Chróit an euro an 1 Eanáir 2023 agus iarrann sí ar an gComhairle na tograí ábhartha ón gCoimisiún a ghlacadh go pras.

24. Ag meabhrú di Dearbhú Versailles agus conclúidí an 21-22 Deireadh Fómhair 2021, an 24-25 Márta 2022 agus an 30-31 Bealtaine 2022 uaithi, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach an cuireadh a thug sí don Choimisiún féachaint, lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, ar bhealaí chun moill a chur ar ardú chostas an fhuinnimh, lena n-áirítear an fhéidearthacht teorannú sealadach a thabhairt isteach le haghaidh chostas allmhairiúcháin an fhuinnimh i gcás inarb iomchuí.

25. I bhfianaise an gás a bheith á úsáid mar uirlis troda ag an Rúis, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí d'fhonn an soláthar fuinnimh a chinntiú ar phraghsanna inacmhainne.

26. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, in éineacht leis an gCoimisiún, aon bhearta iomchuí a dhéanamh chun comhordú fuinnimh níos dlúithe a áirithiú idir na Ballstáit.

## VI. AN CHOMHDHÁIL AR THODHCHAÍ NA hEORPA

27. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na tograí a leagtar amach sa Tuarascáil maidir le toradh na Comhdhála arna cur faoi bhráid na dtrí chomh-Uachtarán. Deis ar leith a bhí sa Chomhdháil idirghníomhú le saoránaigh na hEorpa.

28. Áiritheoidh na hinstitiúidí go ndéanfaidh siad obair leantach éifeachtach ar an tuarascáil seo, gach ceann acu laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go ndearnadh obair cheana i ndáil leis an méid sin.

29. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear saoránaigh ar an eolas faoin obair leantach a dhéanfar ar na moltaí sa Tuarascáil.

## VII. CAIDREAMH SEACHTRACH

*An Mheánmhuir Thoir*

30. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di gníomhaíochtaí agus ráitis atá déanta arís is arís eile ag an Tuirc le déanaí. Ní mór don Tuirc ceannasacht agus iomláine chríochach Bhallstáit uile an Aontais a urramú. Á mheabhrú di a conclúidí roimhe seo agus an ráiteas uaithi an 25 Márta 2021, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go dtabharfaidh an Tuirc lán-urraim don dlí idirnáisiúnta, go bhféachfaidh sí leis an lasair a bhaint den teannas ar mhaithe leis an gcobhsaíocht réigiúnach sa Mheánmhuir Thoir, agus go gcuirfidh sí an dea-chaidreamh idir comharsana chun cinn ar bhealach inbhuanaithe.

*An Bhealarúis*

31. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis ceart daonlathach mhuintir na Bealarúise toghcháin nua, shaora agus chóra a bheith acu. Iarrann sé ar údaráis na Bealarúise seasamh le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta, deireadh a chur leis an gcos ar bolg agus príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor.